



An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2019  
(OR. en)

9206/19

**Comhad Idirinstiúideach:**  
**2018/0050(COD)**

**CODEC 1061**  
**PECHE 239**

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

|        |   |
|--------|---|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle   |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle   |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ( <b>an chéad léamh</b> )<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite<sup>1</sup>, atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle, ar an 8 Márta 2018.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 11 Iúil 2018<sup>2</sup>.
3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 4 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis<sup>3</sup>.

<sup>1</sup> 6772/18.

<sup>2</sup> IO C 367, 10.10.2018, Ich. 103.

<sup>3</sup> 8053/19.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 32/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
- a chinneadh go gcuirfear na ráitis atá in Aguisíní 1 agus 2, a ghabhann leis an nota seo, isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;
- a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1, mar aon leis an gníomh reachtach, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtaráin na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---